# ATHRÚ CHUIG SCOIL NÁISIÚNTA PHOBAIL (SNP)

EOLAS DO THUISMITHEOIRÍ



SCOILEANNA NÁISIÚNTA Pobail

etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

SCOILEANNA NÁISIÚNTA Pobail

An bhfuil scoil do linbh ag déanamh plé faoi láthair ar athrú chuig Scoil Náisiúnta Phobail (SNP), nó b'fhéidir go bhfuil an scoil i mbun an phróisis cheana féin? Seans nach bhfuil a fhios agat go díreach cad a bheidh i gceist do do leanbh má leantar ar aghaidh leis an bpróiseas. Léigh an paca eolais seo chun a fháil amach faoi na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir SNP agus do scoil mar atá sí faoi láthair!

## CAD IS SCOILEANNA NÁISIÚNTA POBAIL ANN?

Is scoileanna comhoideachais il-sainchreidmheacha de chuid an stáit iad SNPanna a bhfuil na croíluachanna seo a leanas mar bhuntaca leo: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas.

Tugann SNPanna comhdheiseanna do na leanaí sna pobail ar a bhfreastalaíonn siad, agus déanann siad a ndícheall oideachas il-sainchreidmheach atá ar ardchaighdeán agus bunaithe ar an gcomhionannas a chur ar fáil. Bunaíodh na SNPanna in 2008 agus tá siad faoi phátrúnacht agus faoi bhainistíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) áitiúil.

> "Tá spiorad pobail iontach le mothú sa scoil agus cinntítear go mbraitheann gach duine gur cuid thábhachtach de phobal na scoile iad. Is iontach an muintearas atá sa scoil, agus tá an oscailteacht ó thaobh cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí thar barr ar fad. Braitheann tú gur teaghlach mór amháin atá sa scoil agus is léir go gcaitheann na múinteoirí an-dua ar fad lena gcuid ceachtanna!!" -(Tuismitheoir i SNP)



# CAD IAD NA *COSÚLACHTAÍ* IDIR DO SCOIL MAR ATÁ SÍ ANOIS AGUS SNP?

Tá SNPanna cosúil le do scoil reatha in go leor bealaí.

## Curaclam

Má dhéantar SNP den scoil, beidh na leanaí fós á múineadh faoi churaclam náisiúnta na bunscoile. Múintear na réimsí ábhar céanna i SNPanna agus a múintear i do bhunscoil féin faoi láthair. Is í an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a leagann amach an curaclam agus, mar sin, ní thiocfaidh athrú ar bith air má dhéantar SNP den scoil. Anuas air sin, tá 'Barr Feabhais san Oideachas' ar cheann de chroíluachanna éiteas na SNPanna. Tá mórdhifríocht amháin idir an t-ábhar atá á mhúineadh i do scoil faoi láthair agus an t-ábhar a bheidh á mhúineadh má dhéantar SNP di – Curaclam an Phátrúin. Pléifear é seo ar an gcéad leathanach eile den leabhrán seo.

## Foireann

Tá foireann iontach i do scoil faoi láthair a chabhraíonn leis na leanaí agus iad i mbun foghlama agus fáis. Má dhéantar SNP den scoil, tá fáilte roimh an bhfoireann go léir leanúint ar aghaidh ag obair inti agus sin mar a dhéanfaidh formhór mór díobh … nó b'fhéidir gach duine díobh. I gcás múinteoirí ar mhaith leo leanúint ar aghaidh ag múineadh i scoil lena mbaineann éiteas aonchreidimh, is féidir leo é sin a dhéanamh trí bhogadh chuig scoil atá faoi rialú eaglaise.

## Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim

Seans go n-éascaíonn scoil do linbh gníomhaíochtaí spraíúla taitneamhacha do na leanaí i ndiaidh scoile faoi láthair, a dtaitníonn go mór le do leanbh! Má dhéantar SNP den scoil, leanfar de na gníomhaíochtaí sin a éascú mar is gnách.

> "Tá timpeallacht iontach chairdiúil ionchuimsitheach sa scoil agus tá an chumarsáid teaghlaigh/scoile ar fheabhas ar fad. Cuirtear oideachas ar ardchaighdeán ar fáil sa scoil, chomh maith le deiseanna iontacha seach-churaclaim do na leanaí. Tá naisc láidre idir an scoil agus an pobal áitiúil. Agus an rud is tábhachtaí ar fad, bíonn mo leanbh sona sásta ag dul ar scoil gach lá." - (Tuismitheoir i SNP)



# CAD IAD NA *PRÍOMHDHIFRÍOCHTAÍ* IDIR DO SCOIL MAR ATÁ SÍ ANOIS AGUS SNP?

Má dhéantar SNP den scoil, beidh athruithe nua iontacha i ndán don scoil ó thaobh feidhmiú de. Cabhróidh na hathruithe seo chun eispéireas oideachais il-sainchreidmhigh a sholáthar do do leanbh.

## Éiteas

Baineann éiteas reiligiúnach le do scoil féin faoi láthair, díreach mar a bhaineann le formhór na scoileanna in Éirinn. Má dhéantar SNP de do scoil, is éiteas il-sainchreidmheach a bheidh ag an scoil, agus tá na croíluachanna seo a leanas mar bhuntaca ag an éiteas sin: barr feabhais san oideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas. Ciallaíonn sé sin go gcaitear go cothrom leis na leanaí go léir, beag beann ar ghné ar bith dá bhféiniúlacht.

## Státmhaoinithe agus faoi stiúir an stáit

Is iad SNPanna an t-aon chineál bunscoile in Éirinn atá státmhaoinithe agus faoi stiúir an stáit freisin. Is scoil státmhaoinithe í scoil do linbh faoi láthair ach reáchtáiltear go príobháideach í. Is pointe an-tábhachtach é go bhfuil SNPanna faoi stiúir an stáit toisc go bhfuil fonn atá ag dul i méid i measc an phobail go mbeidh an stát freagrach as príomhsheirbhísí poiblí, m.sh. sláinte.

## Comhoideachas

Más scoil aonghnéis í do scoil faoi láthair, athrófar chuig scoil chomhoideachais í má dhéantar SNP di.

## Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa!

Is é seo an t-athrú is mó a bheidh i ndán do do leanbh ó thaobh teagaisc agus foghlama de, má dhéantar SNP den scoil. Soláthraíonn scoileanna sainchreidmheacha ‘clár múnlaithe creidimh’ i reiligiún amháin ar leith, m.sh. an Caitliceachas. Leanann leanaí i SNP curaclam um oideachas il-sainchreidimh agus il-luachanna ar a dtugtar Ar Mhaithe Liomsa, Ar Mhaithe Leatsa! (MLML). Baineann MLML le hoideachas maidir le haitheantas, léiríonn sé meas ar an oideachas, ar fhealsúnacht le/do leanaí agus ar oideachas reiligiúnach il-sainchreidmheach. Cuirfear múinteoirí agus ceannairí scoile faoi oiliúint leanúnach chun tacú leo MLML a mhúineadh. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le MLML, téigh chuig www.cns.ie/goodness-me-goodness-you-new/

“Taitníonn sé go mór liom toisc gur scoil il-sainchreidmheach í, ó thaobh curaclaim agus cultúir de; tá fuinneamh an phríomhoide agus na foirne thar barr ar fad; agus cuirtear béim mhór ar eolaíocht, mata agus ealaín.”
-(Tuismitheoir i SNP)



### Ullmhúchán do Shacraimintí

Más scoil Chaitliceach do scoil faoi láthair, is dócha go ndéanann na múinteoirí ranga na leanaí Caitliceacha a ullmhú le haghaidh sacraimintí le linn an lae scoile. Ní tharlóidh sé sin a thuilleadh má dhéantar SNP den scoil. Beidh do leanbh fós in ann an Chéad Chomaoineach a dhéanamh, agus dul faoi lámh Easpaigh (Cóineartú) freisin. Aistreofar chuig an bparóiste, áfach, an fhreagracht maidir le leanaí a ullmhú le haghaidh na sacraimintí. Beidh na ranganna sin ar siúl i ndiaidh an lae scoile agus éascófar iad sa pharóiste nó san fhoirgneamh scoile.

Tá go leor múinteoirí agus tuismitheoirí i scoileanna a d'athraigh a bpátrúnacht chuig SNP den tuairim gur aistriú fíordhearfach é sin toisc go gcaitear an-chuid ama ar fad ar ullmhúcháin le haghaidh sacraimintí. Agus an t-ullmhúchán sin aistrithe go ham éigin eile lasmuigh den lá scoile, bíonn i bhfad níos mó ama ag múinteoirí agus leanaí dul i mbun réimsí eile den churaclam le linn am scoile.

### Ainm agus Lógó/Suaitheantas na Scoile

An-seans go léiríonn ainm agus lógó do scoile éiteas reiligiúnach na scoile sin. Má dhéantar SNP den scoil, ní mór ainm agus lógó na scoile a athrú chun éiteas ilchreidmheach na scoile a léiriú. Cé gur cheart ainm na scoile athchumraithe a shocrú sula n-athosclófar mar SNP í, is féidir an suaitheantas nua a fhorbairt de réir a chéile i gcomhairle le pobal na scoile.

### Éide Scoile

Is féidir le scoileanna an t-athrú pátrúnachta a úsáid mar dheis chun an éide scoile nó an beartas um éide scoile a athrú freisin. Is féidir é sin a dhéanamh de réir a chéile i gcomhairle le pobal na scoile. Níor cheart go gcuirfí costas breise ar thuismitheoirí mar thoradh ar athrú ar bith a dhéanfaí ar an éide scoile. Ciallaíonn sé sin gur féidir le leanaí leanúint ar aghaidh ag caitheamh an éide scoile reatha ar feadh tréimhse, más gá.

## CÉN ÁIT AR FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL?

### Cén áit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin eiseamláir SNP agus BOOanna?

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an eiseamláir SNP, téigh chuig www.cns.ie
Chun tuilleadh eolais a fháil faoi BOOanna agus BOOÉ, téigh chuig www.etbi.ie nó chuig suíomh gréasáin do BOO áitiúil.

### Cén áit is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoi Phróiseas Athchumraíochta Scoileanna ar son na hIlchineálachta?

Tá treoir do phobail scoile maidir leis an bpróiseas seo foilsithe ag an Roinn Oideachais.
Tá sé ar fáil ar https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/6111f-athchumru-scoileanna-don-eagsulacht/.

"Léirítear meas ar reiligiún mo linbh, agus déantar gach reiligiún agus creideamh a cheiliúradh ar an gcaoi chéanna. Spreagtar m'iníon sa scoil, ní hamháin ó thaobh an oideachais de ach ó thaobh scileanna saoil de freisin." - (Tuismitheoir i SNP)



# CAD IS BOOANNA ANN AGUS CAD IAD NA BUNTÁISTÍ MÁ FHREASTALAÍONN MO LEANBH AR SCOIL BOO

Is comhlachtaí stáit iad BOOanna atá freagrach as oideachas agus oiliúint i SNPanna, i gColáistí Pobail, i gcoláistí um Breisoideachas agus Oiliúint, in obair don aos óg agus i réimse ionad oideachais do dhaoine fásta agus ionad breisoideachais. Is ann do 16 BOO ar fud Phoblacht na hÉireann agus freastalaíonn siad go léir ar a bpobail áitiúla faoi seach.

Mar scoileanna BOO, baineann SNPanna an-tairbhe as réimse leathan tacaíochtaí agus seirbhísí nach mbíonn ar fáil do scoileanna eile i gcónaí. Cuireann BOOanna tacaíochtaí éitis, rialachais, oideachais, riaracháin, airgeadais, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise (TF), caipitil agus tógála ar fáil do scoileanna. Imríonn sé sin tionchar díreach ar leanaí agus teaghlaigh na scoileanna seo toisc go ligeann sé do lucht ceannaireachta na scoile díriú ar a bpríomhchúram, is é sin aire a thabhairt do na leanaí, agus teagasc agus foghlaim a stiúradh.

Tá liosta de na SNPanna atá faoi phátrúnacht BOO faoi láthair ar fáil ar
https://www.etbi.ie/schools-support-directorate/about-cnss/our-schools/

16
Bhoird Oideachais agus Oiliúna


Ag an leibhéal iar-bhunscoile, tá BOOanna ar an soláthraí is mó d'oideachas trí mheán na Gaeilge

Tá BOOanna ar an soláthraí is mó d'oideachas il-sainchreidmheach in Éirinn

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Coláistí Pobail

Breisoideachas agus Oiliúint



# EOLAS TEAGMHÁLA ETB

**BOO AN CHABHÁIN & MUINEACHÁIN**
047 30888 > info@cmetb.ie > www.cmetb.ie

**BOO CHORCAÍ**
021 4907100 > info@corketb.ie > www.corketb.ie

**BOO CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH**
01 6680614 > info@cdetb.ie > www.cdetb.ie

**BOO DHÚN NA nGALL**
074 9161600 > info@donegaletb.ie > www.donegaletb.ie

**BOO BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE**
01 4529600 > info@ddletb.ie > www.ddletb.ie

**BOO NA GAILLIMHE & ROS COMÁIN**
091 874500 > info@gretb.ie > www.gretb.ie

**BOO CHIARRAÍ**
066 7121488 > info@kerryetb.ie > www.kerryetb.ie

**BOO CHILL DARA & CHILL MHANTÁIN**
045 988 000 > admin@kwetb.ie > www.kildarewicklow.etb.ie

**BOO CHILL CHAINNIGH & CHEATHARLACH**
059 9138560 > info@kcetb.ie > www.kilkennycarlow.etb.ie

**BOO LAOISE & UÍBH FHAILÍ**
057 8621352 > info@loetb.ie > www.loetb.ie

**BOO LUIMNIGH & AN CHLÁIR**
061 442 100 > info@lcetb.ie > www.lcetb.ie

**BOO AN LONGFOIRT & NA hIARMHÍ**
044 9348389 > info@lwetb.ie > www.lwetb.ie

**BOO LÚ & NA MÍ**
046 906 8200 > education@lmetb.ie > www.lmetb.ie

**BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH & LIATROMA**
094 902 4188 > infomayo@msletb.ie > www.msletb.ie

**BOO THIOBRAID ÁRANN**
067 31250 > nenagh@tipperaryetb.ie > www.tipperary.etb.ie

**BOO PHORT LÁIRGE & LOCH GARMAN**
053 912 3799> info@wwetb.ie > www.waterfordwexford.etb.ie

SCOILEANNA NÁISIÚNTA Pobail

www.etbi.ie

etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

Cnoc an Phíobaire,
Bóthar Chill Chuillinn,
An Nás, Co Chill Dara, W91K729

@etbi_ireland

@Education & Training Boards Ireland

@ETBIreland

@Education and Training Boards Ireland

Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP)

www.cns.ie

@CNSIreland

BOOÉ 2022